II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/396 ÓN gCOMHAIRLE

an 9 Márta 2022

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.

(2) Tá an tAontas fós diongbháilte agus tacaíocht á tabhairt aige do cheannasacht agus d'iomláine chríochach na hÚcráine.

(3) An 24 Feabhra 2022, d'fhógair Uachtarán Chónaidhm na Rúise oibríocht mhíleata san Úcráin agus chuir fórsaí armtha na Rúise tús le hionsaí ar an Úcráin. Is sárú follasach ar iomláine chríochach, ar cheannasacht agus ar neamhspleáchas na hÚcráine an t-ionsaí sin.

(4) Sna conclúidí uaithi an 24 Feabhra 2022, cháin an Chomhairle Eorpach go géar an fogha míleata gan chúis gan údar a thug Cónaidhm na Rúise faoin Úcráin. Leis na gníomhaíochtaí mídhleathacha míleata atá ar siúl aici, tá an dlí idirnáisiúnta agus prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe á sárú go trom ag an Rúis, agus tá an bonn á bhaint aici de shlándáil agus de chobhsaíocht na hEorpa agus an domhain. Tháinig an Chomhairle Eorpach, i ndlúthchomhar lena comhpháirtithe agus lena comhghuaillithe ar chomhaontú maidir le bearta sriantacha breise a mbeidh iarmhairtí ollmhóra tromchúiseacha i gceist leo maidir leis an Rúis de bharr an ngníomhaíochtaí atá déanta aici.

(5) An 25 Feabhra 2022, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2022/329 ([2]), lena leasaítear na critéir ainmniúcháin le go n-áireofar daoine agus eintitis a thacaíonn le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus a thairbhíonn den Rialtas sin, daoine agus eintitis a thugann foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, agus daoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil baint acu le daoine nó eintitis liostaithe.

([1]) IO L 78, 17.3.2014, lch. 6.

([2]) Rialachán (AE) 2022/330 ón gComhairle an 25 Feabhra 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 51, 25.2.2022, lch. 1).

(6) I bhfianaise thromchúis na staide, measann an Chomhairle gur cheart 146 chomhalta de Chomhairle Chónaidhm na Rúise a dhaingnigh cinntí an rialtais i ndáil le 'Conradh maidir le Cairdeas, Comhar agus Cúnamh Frithpháirteach idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk' a chur le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014. Ina theannta sin, ba cheart 14 dhuine a áireamh ar an liosta sin, ar daoine iad a thacaíonn le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus a thairbhíonn den Rialtas sin nó a thugann foinse shuntasach ioncaim dó, nó a bhfuil baint acu le daoine nó eintitis liostaithe.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 9 Márta 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J.-Y. LE DRIAN

Cuirtear na daoine seo a leanas le liosta na ndaoine, na n-eintiteas, agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014:

Daoine

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
“719	Alexander Dmitrievich PUMPYANSKY (Александр Дмитриевич ПУМПЯНСКИЙ)	Dáta breithe: 16.5.1987 Áit bhreithe: Yekaterinburg, Russian Federation Feidhm: Cathaoirleach Bhord Stiúrthóirí PJSC Pipe Metallurgical Company Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is mac le Dmitry Alexandrovich PUMPYANSKY, Cathaoirleach Rúiseach ar Bhord Stiúrthóirí PJSC Pipe Metallurgical Company, monaróir domhanda Rúiseach píopaí cruach don tionscal ola agus gáis, é Alexander Dmitrievich PUMPYANSKY. Is uachtarán agus comhalta boird de Group Sinara é freisin. Tacaíonn an dá chuideachta leis an gcomhar le húdaráis Chónaidhm na Rúise agus le fiontair atá faoi úinéireacht an stáit, lena n-áirítear cuideachtaí iarnróid na Rúise, Gazprom agus Rosneft agus baineann siad tairbhe as an gcomhar sin. Dá bhrí sin, is duine nádúrtha é a bhfuil baint aige le mórphearsa ghnó, ag a bhfuil baint le hearnálacha eacnamaíocha lena gcuirtear foinse shuntasach ioncaim ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. Thairis sin, tacaíonn Alexander Dmitrievich PUMPYANSKY, go hábhartha nó ó thaobh airgeadais de, le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine agus baineann sé tairbhe as an nasc sin.	9.3.2022
720	Alexander Semenovich VINOKUROV (Александр Семёнович ВИНОКУРОВ)	Dáta breithe: 12.10.1982 Áit bhreithe: Moscow, Russian Federation Feidhm: Duine den lucht gnó, Comhpháirtí Bainistíochta agus Uachtarán Maraton Group, Comhalta de Bhord Stiúrthóirí Magnit Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is duine de lucht gnó na Rúise é Alexander Semenovich VINOKUROV a bhfuil leasanna gnó aige sa mhiondíol bia, sa chógaisíochta, sa talmhaíocht agus sa bhonneagar. Tá poist cheannaireachta aige le Maraton Group, cuideachta infheistíochta, agus Magnit, an miondíoltóir bia is mó sa Rúis. Tá A. Vinokurov pósta ar Ekaterina Sergeevna Vinokurova, íníon Sergey Lavrov, Aire Gnóthaí Eachtracha Chónaidhm na Rúise. Is é Semen Vinokurov a athair, a bhí ina Cheann ar State Unitary Enterprise ”Capital Pharmacies” agus meastar gurb é duine de na fiontraithe is mó i dtionscal cógaisíochta na Rúise. Tá dlúthbhaint ag A. Vinokurov, dá bhrí sin, le rialtas na Rúise agus tá baint aige le hearnálacha eacnamaíocha a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine.	9.3.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			An 24 Feabhra 2022, i ndiaidh na gcéimeanna tosaigh den fhogha atá tugtha ag an Rúis faoin Úcráin, bhuail Alexander Semenovich VINOKUROV, in éineacht le 36 dhuine eile den lucht gnó, leis an Uachtarán Vladimir Putin agus baill eile de rialtas na Rúise chun plé a dhéanamh ar thionchar na mbeart a rinneadh i ndiaidh smachtbhannaí an Iarthair. Ós gud é gur tugadh cuireadh dó freastal ar an gcruinniú seo, is léir gur ball é de dhlúthchiorcal Vladimir Putin agus go dtacaíonn sé le gníomhaíochtaí nó le beartais, nó go gcuireann sé gníomhaíochtaí nó beartais chun feidhme, a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, mar aon leis an gcobhsaíocht agus leis an slándáil san Úcráin nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin. Léirítear leis freisin gur duine de na ceannairí gnó is mó é in earnálacha eacnamaíocha a thugann foinse shuntasach ioncaim do Rialtas na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. Comhthacaítear leis sin a thuilleadh de bharr an dhlúthcheangail phearsanta atá ag A. Vinokurov leis an Aire Gnóthaí Eachtracha S. Lavrov atá freagrach as fogha na Rúise agus as beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na beartais sin ar an méid sin.	
721	Andrey Igorevich MELNICHENKO (Андрей Игоревич МЕЛЬНИЧЕНКО)	Dáta breithe: 8.3.1972 Áit bhreithe: Gomel, Byelorussian SSR (Belarus anois) Feidhm: Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin JSC SUEK, Comhalta de Bhord EuroChem Group Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is tionsclaí Rúiseach é Andrey Igorevich MELNICHENKO a bhfuil an mórtháirgeoir leasacháin EuroChem Group agus an chuideachta ghuail SUEK faoina sheilbh aige. Baineann A. Melnichenko leis an gciorcal is mó tionchar i lucht gnó na Rúise a bhfuil dlúthnaisc acu le Rialtas na Rúise. Dá bhrí sin, tá sé rannpháirteach in earnálacha eacnamaíocha a thugann foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. An 24 Feabhra 2022, i ndiaidh chéimeanna tosaigh fhogha na Rúise faoin Úcráin, bhuail Andrey Igorevich MELNICHENKO, in éineacht le 36 dhuine eile ón lucht gnó, leis an Uachtarán Vladimir Putin agus le baill eile de rialtas na Rúise chun plé a dhéanamh ar thionchar na mbeart a rinneadh i ndiaidh smachtbhannaí an Iarthair. Ós rud é gur tugadh cuireadh dó freastal ar an gcruinniú seo, is léir gur comhalta é den ghrúpa is gaire do Vladimir Putin agus go bhfuil sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó ag cur gníomhaíochtaí nó beartais chun feidhme, a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, mar aon leis an gcobhsaíocht agus leis an slándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin. Léirítear leis sin freisin gur duine de na ceannairí gnó is mó é in earnálacha eacnamaíocha a thugann foinse shuntasach ioncaim do Rialtas na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	9.3.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
722	Dmitry Alexandrovich PUMPYANSKY (dá ngairtear freisin Dmitry A. PUMPIANSKY) (Дмитрий Александрович ПУМПЯНСКИЙ)	Dáta breithe: 22.3.1964 Áit bhreithe: Ulan-Ude, Russian Federation Feidhm: Cathaoirleach bhord stiúrthóirí PJSC Pipe Metallurgic Company, an tUachtarán, comhalta boird Group Sinara. Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Dmitry Alexandrovich PUMPYANSKYcathaoirleach bhord stiúrthóirí PJSC Pipe Metallurgic Company, agus is é Uachtarán agus comhalta boird Group Sinara é. Tacaíonn sé le húdaráis Chónaidhm na Rúise agus fiontair atá faoi úinéireacht Stáit, iarnróid na Rúise, Gazprom agus Rosneft san áireamh, agus baineann sé tairbhe as comhar leo. Dá bhrí sin, tá sé rannpháirteach in earnálacha eacnamaíocha a thugann foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. An 24 Feabhra 2022, tar éis chéimeanna tosaigh fogha na Rúise faoin Úcráin, bhuail Dmitry Alexandrovich PUMPYANSKY agus 36 dhuine gnó eile leis an Uachtarán Vladimir Putin agus comhaltaí eile de rialtas na Rúise chun tionchar na mbeart a rinneadh tar éis smachtbhannaí an Iarthair a phlé. Ós rud é gur tugadh cuireadh dó freastal ar an gcruinniú seo, is léir gur comhalta é den ghrúpa is gaire do Vladimir Putin agus go bhfuil sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó ag cur gníomhaíochtaí nó beartais chun feidhme, a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, mar aon leis an gcobhsaíocht agus leis an slándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin. Léirítear leis sin freisin gur duine de na ceannairí gnó is mó é in earnálacha eacnamaíocha a thugann foinse shuntasach ioncaim do Rialtas na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	9.3.2022
723	Dmitry Arkadievich MAZEPIN (Дмитрий Аркадьевич МАЗЕПИН)	Dáta breithe: 18.4.1968 Áit bhreithe: Minsk, Byelorussian SSR, (Belarus anois) Feidhm: Príomhfheidhmeannach JSC UCC Uralchem Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Dmitry Arkadievich MAZEPIN úinéir agus príomhfheidhmeannach na cuideachta leasacháin mianraí Uralchem. Monaróir Rúiseach is ea Uralchem Group a dhéanann raon leathan táirgí ceimiceacha, leasacháin mhianracha agus sailpítear amóinia san áireamh. De réir na cuideachta, is é an táirgeoir is mó níotráit amóiniam agus an dara táirgeoir is mó leasacháin amóinia agus nítrigine sa Rúis. Dá bhrí sin, tá Dmitry Arkadievich MAZEPIN rannpháirteach in earnálacha eacnamaíocha a thugann foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. An 24 Feabhra 2022, tar éis chéimeanna tosaigh fogha na Rúise faoin Úcráin, bhuail Dmitry Arkadievich MAZEPIN agus 36 dhuine gnó eile leis an Uachtarán Vladimir Putin agus comhaltaí eile de rialtas na Rúise chun tionchar na mbeart a rinneadh tar éis smachtbhannaí an Iarthair a phlé. Ós rud é gur tugadh cuireadh dó freastal ar an gcruinniú seo, is léir gur comhalta é den ghrúpa is gaire do Vladimir Putin agus go bhfuil sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó ag cur gníomhaíochtaí nó beartais chun feidhme, a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, mar aon leis an gcobhsaíocht agus leis an slándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin. Léirítear leis sin freisin gur duine de na ceannairí gnó is mó é in earnálacha eacnamaíocha a thugann foinse shuntasach ioncaim do Rialtas na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	9.3.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			I mí na Nollag 2021, d'athscríobh Dmitry Mazepin a chuideachtaí a bhí lonnaithe sa Chipir, Uralchem Holding agus CI-Chemical Invest, a rialaíonn Uralchem, chuig dlínse na Rúise ag ceantar riaracháin speisialta arOileán Oktyabrsky i réigiún Kaliningrad.	
724	Galina Evgenyevna PUMPYANSKAYA (Галина Евгеньевна ПУМПЯНСКАЯ)	Dáta breithe: 10.2.1966 Feidhm: Cathaoirleach Bhord Iontaobhaithe Sinara Charitable Foundation. Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann	Is í Galina Evgenyevna PUMPYANSKAYA Cathaoirleach Bhord Iontaobhaithe BF 'Sinara', fondúireacht a ghníomhaíonn mar oibreoir ghníomhaíochtaí carthanachta cuideachtaí móra, PJSC Pipe Metallurgical Cuideachta san áireamh. Is í céile Dmitry Alexandrovich PUMPYANSKY, Cathaoirleach Bhord Stiúrthóirí PJSC Pipe Metallurgical Company, monaróir domhanda Rúiseach píopaí cruach don tionscal ola agus gáis. Is fear gnó agus billiúnaí Rúiseach é Dmitry A. Pumpyansky. Is Uachtarán agus comhalta boird de Group Sinara é freisin. Tacaíonn an dá cuideachta le húdaráis Chónaidhm na Rúise agus fiontair atá faoi úinéireacht Stáit, iarnróid na Rúise, Gazprom, Rosneft san áireamh, agus baineann siad tairbhe as comhar leo. Dá bhrí sin, is duine nádúrtha í Galina Evgenyevna PUMPYANSKAYA a bhfuil baint aici le duine gnó ag a bhfuil baint le hearnálacha eacnamaíocha a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine.	9.3.2022
725	Mikhail Eduardovich OSEEVSKY (Михаил Эдуардович ОСЕЕВСКИЙ)	Dáta breithe: 30.11.1960 Áit bhreithe: iarLeningrad (Saint-Petersburg anois), Russian Federation Feidhm: Uachtarán PJSC Rostelecom Comhalta neamhspleách de Bhord Stiúrthóirí PJSC MMK Comhalta de bhord maoirseachta ANO Digital Economy, LLC T2 RTK Holding (Tele2)	Tá Mikhail Eduardovich Oseevsky ina uachtarán ar PJSC Rostelecom. Is é PJSC Rostelecom an soláthraí seirbhísí agus réiteach digiteach is mó atá ag an Rúis; tá láithreacht aige i ngach cuid den mhargadh agus clúdaíonn sé na milliúin teaghlach, mar aon le heagraíochtaí rialtasacha agus príobháideacha. Ní hamháin go gcuireann Rostelecom seirbhísí ar fáil do Rialtas na Rúise, ach gineann sé foinse thábhachtach ioncaim dó freisin. An 24 Feabhra 2022, tar éis chéimeanna tosaigh d'fhogha na Rúise faoin Úcráin, bhuail Mikhail Eduardovich OSEEVSKY, mar aon le 36 dhuine gnó eile leis an Uachtarán Vladimir Putin agus comhaltaí eile de rialtas na Rúise chun plé a dhéanamh ar thionchar na mbeart a rinneadh tar éis smachtbhannaí an Iarthair. Ós rud é gur tugadh cuireadh dó freastal ar an gcruinniú seo, is léir gur comhalta é den ghrúpa is gaire do Vladimir Putin agus go bhfuil sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó ag cur gníomhaíochtaí nó beartais chun feidhme, a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, mar aon leis an gcobhsaíocht agus leis an slándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin. Léirítear leis sin freisin gur duine de na ceannairí gnó is mó é in earnálacha eacnamaíocha a thugann foinse shuntasach ioncaim do Rialtas na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	9.3.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		Comhalta de bhord Russian Union of Industrialists and Entrepreneurs Comhalta de bhord stiúrthóirí LLC Votron Comhalta de bhord iontaobhaithe St. Petersburg NNAlliance Leas-Aire Forbartha Eacnamaíche Chónaidhm na Rúise (ó Nollaig 2011 go Meitheamh 2012) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann		
726	Mikhail Igorevich POLUBOYARINOV (Михаил Игоревич ПОЛУБОЯРИНОВ)	Dáta breithe: 2.4.1966 Áit bhreithe: Moscow, Russian Federation Feidhm: Príomhoifigeach feidhmiúcháin OJSC Aeroflot Comhalta de bhord stiúrthóirí an State Transport Leasing Company agus JSC EXIMBANK OF RUSSIA Comhalta de bhord maoirseachta DOM.RF Cathaoirleach bhord stiúrthóirí LLC Pobeda	Is é Mikhail Igorevich POLUBOYARINOV príomhoifigeach feidhmiúcháin OJSC Aeroflot. Is é OJSC Aeroflot an aerlíne is mó de chuid Chónaidhm na Rúise. Ní hamháin go gcuireann Aeroflot IOSC seirbhísí ar fáil do Rialtas na Rúise, ach gineann sé foinse thábhachtach ioncaim dó freisin. D'oibrigh Aeroflot eitiltí neamhdhleathacha chuig an gCrimé faoi fhorghabháil. An 24 Feabhra 2022, tar éis chéimeanna tosaigh d'fhogha na Rúise faoin Úcráin, bhuail Mikhail Igorevich POLUBOYARINOV, mar aon le 36 dhuine gnó eile leis an Uachtarán Vladimir Putin agus comhaltaí eile de rialtas na Rúise chun plé a dhéanamh ar thionchar na mbeart a rinneadh tar éis smachtbhannaí an Iarthair. Ós rud é gur tugadh cuireadh dó freastal ar an gcruinniú seo is léir gur comhalta é de dhlúthchiorcal Vladimir Putin agus go bhfuil sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó ag cur gníomhaíochtaí nó beartais chun feidhme, a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, mar aon leis an gcobhsaíocht agus leis an slándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin. Léirítear leis sin freisin go bhfuil sé ar cheann de na mórphearsana gnó a bhfuil baint acu le hearnálacha eacnamaíocha a chuireann foinse shuntasach ioncaim ar fáil do Rialtas na Rúise, atá freagrach as an gCrimé a ionghabháil agus as an Úcráin a dhíchobhsú.	9.3.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		Comhalta de bhord gobharnóirí IATA. Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann		
727	Sergey Alexandrovich KULIKOV (dá ngairtear Sergei Alexandrovich KULIKOV freisin) Rúiseach: Сергей Алехандрович КУЛИКОВ	Dáta breithe: 9.4.1976 Áit bhreithe: Sverdlovsk, Russian Federation Feidhm: Cathaoirleach bhord bainistíochta Management Company RUSNANO LLC Cathaoirleach bhord stiúrthóirí Rusnano JSC; An Chéad Leas-Chathaoirleach ar bhord Military Industrial Commission Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Sergey Alexandrovich KULIKOV Cataoirleach bhord Management Company RUSNANO LLC agus is comhalta é de bhord stiúrthóirí Rusnano JSC, chomh maith lena bheith ina Chéad Leas-Chathaoirleach ar bhordan Military Industrial Commission. Is institiúid forbartha nuálaíochta Rúiseach é Rusnano LLC a cruthaíodh faoi chreat Thionscnamh Uachtaránachta ar a dtugtar an 'Straitéis um Fhorbairt Thionscal na Nanaitheicneolaíochta'. Tá Sergey Kulikov páirteach, dá bhrí sin, in earnálacha eacnamaíocha a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise. An 24 Feabhra 2022, tar éis chéimeanna tosaigh d'fhogha na Rúise faoin Úcráin, bhuail Sergey Alexandrovich KULIKOV, mar aon le 36 dhuine gnó eile leis an Uachtarán Vladimir Putin agus comhaltaí eile de rialtas na Rúise chun plé a dhéanamh ar thionchar na mbeart a rinneadh tar éis smachtbhannaí an Iarthair. Ós rud é gur tugadh cuireadh dó freastal ar an gcruinniú seo is léir gur comhalta é de dhlúthchiorcal Vladimir Putin agus go bhfuil sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó ag cur gníomhaíochtaí nó beartais chun feidhme, a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, mar aon leis an gcobhsaíocht agus leis an slándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin. Léirítear leis sin freisin go bhfuil sé ar cheann de na mórphearsana gnó a bhfuil baint acu le hearnálacha eacnamaíocha a chuireann foinse shuntasach ioncaim ar fáil do Rialtas na Rúise, atá freagrach as an gCrimé a ionghabháil agus as an Úcráin a dhíchobhsú.	9.3.2022
728	Vadim Nikolaevich MOSHKOVICH (Вадим Николаевич МОШКОВИЧ)	Dáta breithe: 6.4.1967 Áit bhreithe: Moscow, Russian Federation Feidhm: Cathaoirleach bhord stiúrthóirí Rusagro Group	Is fiontraí Rúiseach é Vadim Nikolaevich MOSHKOVICH a bhfuil leasanna gnó sa talmhaíocht agus san fhorbairt réadmhaoine. In 2004, bhunaigh Vadim Moshkovich Rusagro Group ar táirgeoir mór muiceola, saillte agus siúcra é. Tá Vadim Nikolaevich MOSHKOVICH páirteach, dá bhrí sin, in earnálacha eacnamaíocha a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise.	9.3.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		Úinéir mionlaigh Sberbank Náisiúntacht: Rúiseach, Cipireach Inscne: fireann	An 24 Feabhra 2022, tar éis na gcéimeanna tosaigh d'fhogha na Rúise faoin Úcráin, bhuail Vadim Nikolaevich MOSHKOVICH, mar aon le 36 dhuine gnó eile leis an Uachtarán Vladimir Putin agus comhaltaí eile de rialtas na Rúise chun plé a dhéanamh ar thionchar na mbeart a rinneadh tar éis smachtbhannaí an Iarthair. Ós rud é gur tugadh cuireadh dó freastal ar an gcruinniú seo is léir gur comhalta é de dhlúthchiorcal Vladimir Putin agus go bhfuil sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó ag cur gníomhaíochtaí nó beartais chun feidhme, a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, mar aon leis an gcobhsaíocht agus leis an slándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin. Léirítear leis sin freisin go bhfuil sé ar cheann de na mórphearsana gnó a bhfuil baint acu le hearnálacha eacnamaíocha a chuireann foinse shuntasach ioncaim ar fáil do Rialtas na Rúise, atá freagrach as an gCrimé a ionghabháil agus as an Úcráin a dhíchobhsú.	
729	Vladimir Sergeevich KIRIYENKO (Владимир Сергеевич КИРИЕНКО)	Dáta breithe: 27.5.1983 Áit bhreithe: Nizhny Novgorod, Russian Federation Feidhm: Príomhoifigeach feidhmiúcháin VK Company Limited, máthairchuideachta phríomhardán meán sóisialta Russia, VKontakte. IarChéad Leas-Uachtarán ar Russian State-controlled company Rostelecom (2017-2021) Cathaoirleach bhord stiúrthóirí LLC Capital ó 2011 i leith Iar-Chathaoirleach bhord stiúrthóirí Nizhegorpromstroybank (2008-2011) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Sergeevich KIRIYENKO príomhoifigeach feidhmiúcháin VK Company Limited. Is cuideachta idirlín Rúiseach é VK Company Limited, le láithreacht mhór sa chuid sin den idirlíon ina labhraítear Rúisis. Bhí an lucht féachana is mó sa Rúis ag tionscadail VK le chéile agus ghabh siad an t-am féachana is mó ar scáileán. Baineann láithreáin VK amach níos mó ná 90 % d'úsáideoirí idirlín na Rúise ar bhonn míosúil agus tá an chuideachta i mbarr na cúig chuideachta idirlín is mó, bunaithe ar an líon iomlán leathanach a bhféachadh orthu. Rialaíonn sé agus feidhmíonn sé na trí suíomh líonraithe shóisialta Rúiseacha is mó agus is mó éilimh, VKontakte, Odnoklassniki agus Moi Mir, chomh maith leis an seirbhís ríomhphoist agus internet portal mail.ru. Tá Vladimir Sergeevich KIRIYENKO páirteach, dá bhrí sin, in earnálacha eacnamaíocha a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Tá rialtas na Rúise ag méadú ar a thionchar ar na meáin agus líonraí sóisialta. Rialaíonn Gazprom Media an VK Company (cuideachta faoi úinéireacht Stáit, arb é príomhfhoinse ioncaim Rialtas na Rúise). Dá bhrí sin, tacaíonn Vladimir Sergeevich Kiriyenko le haidhm Vladimir Putin rialú níos mó a bheith aige ar an idirlíon. Dá bhrí sin, tugann Vladimir Kiriyenko tacaíocht ábhartha nó airgeadais, go gníomhach do chinnteoirí na Rúise, an dream céanna a bhí freagrach as ionghabháil na Crimé nó díchobhsú na hÚcráine, nó faigheann sé tairbhe uathu. Toisc gurb an chuideachta faoi úinéireacht an stáit Gazprom úinéir VK Company, is foinse thábhachtach ioncaim é an t-ioncam a ghineann sé do Rialtas na Rúise. Is mac le Sergei Kiriyenko, Céad Leas-Cheann Foirne Oifig an Uachtaráin faoi láthair, é Vladimir Kiriyenko. Tuairiscítear gurb é Sergei Kiriyenko coimeádaí beartais baile Vladimir Putin.	9.3.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
730	Andrey Andreevich GURYEV (Андрей Андреевич ГУРЬЕВ)	Dáta breithe: 7.3.1982 Áit bhreithe: Moscó, Cónaidhm na Rúise Feidhm: Príomhoifigeach feidhmiúcháin agus Cathaoirleach bhord bainistíochta PJSC PhosAgro D'oibrigh sé le PhosAgro ó 2004 i leith, agus bhí poist éagsúla aige Comhalta de Management Board Bureau of the Russian Union of Industrialists and Entrepreneurs (RUIE) ó 30 Meán Fómhair, 2019 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is comhalta é Andrey Andreevich GURYEV de bhord PJSC PhosAgro agus is príomhoifigeach feidhmiúcháin agus cathaoirleach bhord bainistíochta PJSC PhosAgro é, agus sa cháil sin déanann sé maoirseacht ar ghníomhaíochtaí na cuideachta. Tá an PhosAgro ar cheann de na táirgeoirí is mó ar domhan de leasacháin atá bunaithe ar fhosfáití. Is é an Chuideachta an táirgeoir leasacháin fosfáite is mó san Eoraip, an táirgeoir is mó ar domhan de charraig fosfáite ardghráid agus an dara táirgeoir is mó ar domhan (gan an tSín a áireamh) d'fhosfáit mhonamóiniam (MAP) agus d'fhosfáit diammonium (DAP). Baineann Andrey Guryev leas as cinntí Rialtas na Rúise ina cháil mar phríomhoifigeach feidhmiúcháin ar PhosAgro. Tá dlúthcheangal ag PhosAgro le rialtas na Rúise agus is foinse thábhachtach ioncaim é an t-ioncam a ghineann sé do rialtas na Rúise, dá bhrí sin. Tá sé rannpháirteach in earnálacha eacnamaíocha a thugann foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	9.3.2022
731	Dmitry Vladimirovich KONOV (Дмитрий Владимирович КОНОВ)	Dáta breithe: 2.9.1970 Áit bhreithe: Moscó, Cónaidhm na Rúise Feidhm: Cathaoirleach bhord PJSC SIBUR Holding D'fhreastal sé le Treasury Department OAO NK YUKOS; bhí poist éagsúla aige le AKB Trust agus Investment Bank, lena n-áirítear Leas-Uachtarán Investment Banking Department agus Stiúrthóir Bainistíochta Corporate Finance Department; agus ba chomhalta é de bhord	Tá Dmitry Vladimirovich Konov ina Chathaoirleach ar bhord bainistíochta PJSC SIBUR Holding, agus sa cháil sin déanann sé maoirseacht ar ghníomhaíochtaí na cuideachta. Is é SIBUR Holding an chuideachta peitriceimiceach chomhtháite is mó sa Rúis agus tá sé ar cheann de na cuideachtaí is mó fás sa tionscal peitriceimiceach domhanda. Is grúpa peitriceimiceach ar thús cadhnaíochta agus an táirgeoir peitriceimiceach is mó i margadh fuinnimh na Rúise é SIBUR. Tá mórán geallta SIBUR faoi úinéireacht olagarcaí atá gar do Vladimir Putin: Leonid Mikhelson agus Gennady Timchenko. Tá dlúthcheangal ag SIBUR Holding le rialtas na Rúise agus is foinse thábhachtach ioncaim é an t-ioncam a ghineann sé do rialtas na Rúise, dá bhrí sin. Tá Dmitry Konov rannpháirteach in earnálacha eacnamaíocha a thugann foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	9.3.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		stiúrthóirí OAO Gazprom neftekhim Salavat agus OAO Gazprombank Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann		
732	Nikita Dmitrievich MAZEPIN (Никита Дмитриевич МАЗЕПИН)	Dáta breithe: 2.3.1999 Áit bhreithe: Moscow, Russian Federation Feidhm: Gairm: Tiománaí rásaíochta Rúiseach le Haas F1 Team i gCraobhchomórtas Fhoirmle a hAon an Domhain 2022 faoi bhratach neodrach a dhéanann ionadaíocht do Russian Automobile Federation. Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is mac le Dmitry Arkadievich Mazepin, Ardstiúrthóir JSC UCC Uralchem, é Nikita Mazepin. Ós rud é go n-urraíonn Uralchem Haas F1 Team, is é Dmitry Mazepin príomhurraitheoir ghníomhaíochtaí a mhic le Haas F1 Team. Is duine nádúrtha é a bhfuil baint aige le mórphearsa ghnó (a athair), ag a bhfuil baint le hearnálacha eacnamaíocha lena gcuirtear foinse shuntasach ioncaim ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	9.3.2022
733	Alexander Konstantinovich AKIMOV (Александр Константинович АКИМОВ)	Dáta breithe: 10.11.1954	Comhalta den Chomhairle Cónaidhme (Federation Council) a dhaingnigh cinntí rialtais an ‘Chonartha Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk’.	9.3.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
734	Ivan Nikolayevich ABRAMOV (Иван Николаевич АБРАМОВ)	Dáta breithe: 16.6.1978	Comhalta den Chomhairle Cónaidhme (Federation Council) a dhaingnigh cinntí rialtais an ‘Chonartha Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk’.	9.3.2022
735	Mohmad Isaevich AKHMADOV (Мохмад Исаевич АХМАДОВ)	Dáta breithe: 17.4.1972	Comhalta den Chomhairle Cónaidhme (Federation Council) a dhaingnigh cinntí rialtais an ‘Chonartha Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk’.	9.3.2022
736	Sergei Petrovich ARENIN (Сергей Петрович АРЕНИН)	Dáta breithe: 29.8.1958	Comhalta den Chomhairle Cónaidhme (Federation Council) a dhaingnigh cinntí rialtais an ‘Chonartha Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk’.	9.3.2022
737	Yuri Viktorovich ARKHAROV (Юрий Викторович АРХАРОВ)	Dáta breithe: 13.6.1977	Comhalta den Chomhairle Cónaidhme (Federation Council) a dhaingnigh cinntí rialtais an ‘Chonartha Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk’.	9.3.2022
738	Anatoly Dmitrievich ARTAMONOV (Анатолий Дмитриевич АРТАМОНОВ)	Dáta breithe: 5.5.1952	Comhalta den Chomhairle Cónaidhme (Federation Council) a dhaingnigh cinntí rialtais an ‘Chonartha Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk’.	9.3.2022
739	Mikhail Alexandrovich AFANASOV (Михаил Александрович АФАНАСОВ)	Dáta breithe: 15.6.1953	Comhalta den Chomhairle Cónaidhme (Federation Council) a dhaingnigh cinntí rialtais an ‘Chonartha Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk’.	9.3.2022
740	Oleg Aleksandrovich ALEKSEEV (Олег Александрович АЛЕКСЕЕВ)	Dáta breithe: 21.12.1967	Comhalta den Chomhairle Cónaidhme (Federation Council) a dhaingnigh cinntí rialtais an ‘Chonartha Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk’.	9.3.2022
741	Yelena Vladimirovna AFANASEVA (Елена Владимировна АФАНАСЬЕВА)	Dáta breithe: 27.3.1975	Comhalta den Chomhairle Cónaidhme (Federation Council) a dhaingnigh cinntí rialtais an ‘Chonartha Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk’.	9.3.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
742	Alexander Davidovich BASHKIN (Александр Давыдович БАШКИН)	Dáta breithe: 10.6.1962	Comhalta den Chomhairle Cónaidhme (Federation Council) a dhaingnigh cinntí rialtais an ‘Chonartha Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk’.	9.3.2022
743	Andrey Alexandrovich BAZILEVSKY (Андрей Александрович БАЗИЛЕВСКИЙ)	Dáta breithe: 24.2.1967	Comhalta den Chomhairle Cónaidhme (Federation Council) a dhaingnigh cinntí rialtais an ‘Chonartha Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk’.	9.3.2022
744	Mukharbek Oybertovich BARAKHOYEV (Мухарбек Ойбертович БАРАХОЕВ)	Dáta breithe: 4.1.1971	Comhalta den Chomhairle Cónaidhme (Federation Council) a dhaingnigh cinntí rialtais an ‘Chonartha Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk’.	9.3.2022
745	Sergei Vyacheslavovich BEZDENEZHNYKH (Сергей Вячеславович БЕЗДЕНЕЖНЫХ)	Dáta breithe: 25.8.1979	Comhalta den Chomhairle Cónaidhme (Federation Council) a dhaingnigh cinntí rialtais an ‘Chonartha Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk’.	9.3.2022
746	Viktor Nikolayevich BONDAREV (Виктор Николаевич БОНДАРЕВ)	Dáta breithe: 7.12.1959	Comhalta den Chomhairle Cónaidhme (Federation Council) a dhaingnigh cinntí rialtais an ‘Chonartha Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk’.	9.3.2022
747	Yegor Afanasyevich BORISOV (Егор Афанасьевич БОРИСОВ)	Dáta breithe: 15.8.1954	Comhalta den Chomhairle Cónaidhme (Federation Council) a dhaingnigh cinntí rialtais an ‘Chonartha Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk’.	9.3.2022
748	Alexander Yuryevich BRYKSIN (Александр Юрьевич БРЫКСИН)	Dáta breithe: 20.1.1967	Comhalta den Chomhairle Cónaidhme (Federation Council) a dhaingnigh cinntí rialtais an ‘Chonartha Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk’.	9.3.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
749	Mikhail Vladimirovich BELOUSOV (Михаил Владимирович БЕЛОУСОВ)	Dáta breithe: 11.10.1953	Comhalta den Chomhairle Cónaidhme (Federation Council) a dhaingnigh cinntí rialtais an ‘Chonartha Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk’.	9.3.2022
750	Sergei Vladimirovich BEREZKIN (Сергей Владимирович БЕРЁЗКИН)	Dáta breithe: 23.6.1955	Comhalta den Chomhairle Cónaidhme (Federation Council) a dhaingnigh cinntí rialtais an ‘Chonartha Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk’.	9.3.2022
751	Vladimir Andreyevich BEKETOV (Владимир Андреевич БЕКЕТОВ)	Dáta breithe: 29.3.1949	Comhalta den Chomhairle Cónaidhme (Federation Council) a dhaingnigh cinntí rialtais an ‘Chonartha Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk’.	9.3.2022
752	Yelena Vasilyevna BIBIKOVA (Елена Васильевна БИБИКОВА)	Dáta breithe: 23.9.1956	Comhalta den Chomhairle Cónaidhme (Federation Council) a dhaingnigh cinntí rialtais an ‘Chonartha Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk’.	9.3.2022
753	Andrey Vladimirovich CHERNYSHEV (Андрей Владимирович ЧЕРНЫШЁВ)	Dáta breithe: 10.7.1970	Comhalta den Chomhairle Cónaidhme (Federation Council) a dhaingnigh cinntí rialtais an ‘Chonartha Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk’.	9.3.2022
754	Alexander Vlademirovich DVOINYKH (Александр Владимирович ДВОЙНЫХ)	Dáta breithe: 19.1.1984	Comhalta den Chomhairle Cónaidhme (Federation Council) a dhaingnigh cinntí rialtais an ‘Chonartha Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk’.	9.3.2022
755	Vadim Yevgenyevich DENGIN (Вадим Евгеньевич ДЕНЬГИН)	Dáta breithe: 23.9.1980	Comhalta den Chomhairle Cónaidhme (Federation Council) a dhaingnigh cinntí rialtais an ‘Chonartha Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk’.	9.3.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
756	Konstantin Konstantinovich DOLGOV (Константин Константинович ДОЛГОВ)	Dáta breithe: 12.8.1968	Comhalta den Chomhairle Cónaidhme (Federation Council) a dhaingnigh cinntí rialtais an ‘Chonartha Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk’.	9.3.2022
757	Gennady Egorovich EMELYANOV (Геннадий Егорович ЕМЕЛЬЯНОВ)	Dáta breithe: 1.1.1957	Comhalta den Chomhairle Cónaidhme (Federation Council) a dhaingnigh cinntí rialtais an ‘Chonartha Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk’.	9.3.2022
758	Olga Nikolayevna EPIFANOVA (Ольга Николаевна ЕПИФАНОВА)	Dáta breithe: 19.8.1966	Comhalta den Chomhairle Cónaidhme (Federation Council) a dhaingnigh cinntí rialtais an ‘Chonartha Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk’.	9.3.2022
759	Arsen Suleymanovich FADZAYEV (Арсен Сулейманович ФАДЗАЕВ)	Dáta breithe: 5.9.1952	Comhalta den Chomhairle Cónaidhme (Federation Council) a dhaingnigh cinntí rialtais an ‘Chonartha Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk’.	9.3.2022
760	Yury Viktorovich FEDOROV (Юрий Викторович ФЁДОРОВ)	Dáta breithe: 1.1.1972	Comhalta den Chomhairle Cónaidhme (Federation Council) a dhaingnigh cinntí rialtais an ‘Chonartha Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk’.	9.3.2022
761	Nikolai Vasilyevich FYODOROV (Николай Васильевич ФЁДОРОВ)	Dáta breithe: 9.5.1958	Comhalta den Chomhairle Cónaidhme (Federation Council) a dhaingnigh cinntí rialtais an ‘Chonartha Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk’.	9.3.2022
762	Airat Minerasikhovich GIBATDINOV (Айрат Минерасихович ГИБАТДИНОВ)	Dáta breithe: 16.1.1986	Comhalta den Chomhairle Cónaidhme (Federation Council) a dhaingnigh cinntí rialtais an ‘Chonartha Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk’.	9.3.2022
763	Denis Vladimirovich GUSEV (Денис Владимирович ГУСЕВ)	Dáta breithe: 26.12.1976	Comhalta den Chomhairle Cónaidhme (Federation Council) a dhaingnigh cinntí rialtais an ‘Chonartha Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk’.	9.3.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
764	Lilia Salavatovna GUMEROVA (Лилия Салаватовна ГУМЕРОВА)	Dáta breithe: 16.12.1972	Comhalta den Chomhairle Cónaidhme (Federation Council) a dhaingnigh cinntí rialtais an ‘Chonartha Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk’.	9.3.2022
765	Rimma Fyodorovna GALUSHINA (Римма Фёдоровна ГАЛУШИНА)	Dáta breithe: 30.5.1963	Comhalta den Chomhairle Cónaidhme (Federation Council) a dhaingnigh cinntí rialtais an ‘Chonartha Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk’.	9.3.2022
766	Suleiman Sadulayevich GEREMEYEV (Сулейман Садулаевич ГЕРЕМЕЕВ)	Dáta breithe: 20.1.1971	Comhalta den Chomhairle Cónaidhme (Federation Council) a dhaingnigh cinntí rialtais an ‘Chonartha Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk’.	9.3.2022
767	Tatyana Anatolyevna GIGEL (Татьяна Анатольевна ГИГЕЛЬ)	Dáta breithe: 27.2.1960	Comhalta den Chomhairle Cónaidhme (Federation Council) a dhaingnigh cinntí rialtais an ‘Chonartha Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk’.	9.3.2022
768	Alexander Vladislavovich GUSAKOVSKY (Александр Владиславович ГУСАКОВСКИЙ)	Dáta breithe: 25.8.1970	Comhalta den Chomhairle Cónaidhme (Federation Council) a dhaingnigh cinntí rialtais an ‘Chonartha Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk’.	9.3.2022
769	Dmitry Yuryevich GORITSKY (Дмитрий Юрьевич ГОРИЦКИЙ)	Dáta breithe: 28.10.1970	Comhalta den Chomhairle Cónaidhme (Federation Council) a dhaingnigh cinntí rialtais an ‘Chonartha Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk’.	9.3.2022
